

RÁITEAS

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



AIRGEADAIS BHLIANTÚIL INIÚCHTA

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

CLÁR ÁBHAR

	Uimhir an Leathanaigh
Athbhreithniú Airgeadais	
Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chinn Airgeadais	2
Tuairim Iniúchta	3
An Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta	4 - 8
Cuntais Airgeadais	
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	9
- An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	10
- An Ráiteas ar Shreabhadh Cistí	11
- Sócmhainní Seasta	12
- Obair ar Bun agus Réamhchostais	13
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha	14
- Stoic	15
- Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí Trádála	15
- Creidiúnaithe agus fabhruithe	15
- Iasachtaí Iníochta (a)	16
- Iasachtaí Iníochta (b)	16
- Éarlaisí In-Aisíochta	16
- Cuntas Caipitlithe	17
- Iarmhéideanna Eile	18
- Anailís ar an gCuntas Caipitil	19
- Staid Chistithe na hIasachta Morgáiste	19
- Achoimre ar an gCuntas Gléasra agus Ábhar	20
- Anailís ar Aistrithe chuig/ó Chúlchistí	20
- Anailís ar Ioncam na gCoimisinéirí Ioncaim	20
- Róchaiteachas/Gannchaiteachas	21
- Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid	22
- Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	22
- Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	22
- Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta agus Léasa	22
- Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Cúlchiste	23
- Anailís ar Athruithe ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	23
- Cuntasafóicht don Tarscaoileadh Rátaí/Creidmheas in Lieu maidir le Rátaí Tráchtála	23
- Cuntasafóicht don Deontas Atosaithe/Deontas Atosaithe Breise	23
Aguisíní	
1. Anailís ar Chaiteachas	24
2. Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin	25 – 32
3. Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	33
4. Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	34
5. Achoimre ar Chaiteachas Caipitiúil agus Ioncam	35
6. Anailís ar Ioncam agus Caiteachas sa Chuntas Caipitil	36
7. Achoimre ar Bhailiúcháin Mhóra Ioncaim	37
8. Leas Údarás Áitiúil i gCuideachtaí	38

Athbhreithniú Airgeadais

Is cúis áthais dom Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020. Ullmhaíodh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla a rialaíonn cuntais Údarás Áitiúil agus a chomhlíonann an Cód Cleachtais Chuntasáiochta d'Údaráis Áitiúla. Cuirtear ráiteas ar Bheartais Chuntasáiochta na Comhairle san áireamh ag leathanaigh 4 go 8 de na Cuntais. San áireamh sna cuntais tá ráitis loncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) agus an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí, sa mhullach ar nótaí agus aguisíní éagsúla.

Ullmhaíodh na Cuntais ar bhonn fabhrúithe. Tá na féichiúnaithe go léir san áireamh sa chlár comhardaithe agus déantar soláthar leordhóthanach d'fhiachas amhrasach.

Áirítear leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (an RAB) luachálacha do shócmhainní seasta agus áirítear tithe údaráis áitiúil, talamh, foirgnimh, trealamh, sócmhainní oidhreachta, gléasra agus innealra, gréasáin bhóithre agus gné uisce dromchla ár ngréasáin draenála leo. Is é luach iomlán na sócmhainní seasta a léirítear sa chlár comhardaithe an 31 Nollaig 2020 €2.989 billiún.

B'ionann caiteachas don bhliain 2020 ar an gcuntas ioncaim, gan aistrithe a áireamh chuig cúlchistí, agus €323.5 milliún, agus b'ionann an t-ioncam sa chuntas agus €388.4 milliún. Is é toradh an chuntais ioncaim don bhliain 2020 creidmheas €323. Nuair a chuirtear an t-iarmhéid creidmheasa isteach san áireamh, léirítear sa Chuntas loncaim iarmhéid €15.979 milliún. B'ionann caiteachas caipitiúil (glan ar aistrithe) agus €159.9 milliún. Is é comhthionchar chaiteachas iomlán ár gCuntas loncaim agus Caipitil don bhliain 2020 €483.4 milliún.

Ba é fiachas iomlán na Comhairle de bhun iasachtaí gan íoc an 31 Nollaig 2020 €327 milliún. Ba é an figiúr comhfhreagrach don 31 Nollaig 2019 €336 milliún, nó laghdú 2.552%. Baineann an laghdú ar iasacht go príomha le morgáiste a fhuascailt agus le fuascailtí iasachta inacmhainne.

Ba mhaith liom iarrachtaí na foirne go léir a aithint i dtaobh na gcuntas deiridh a ullmhú.


AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach
An 9 Aibreán 2021

Comhairle Contae Fhine Gall

Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chinn Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020


- 1.1 Tá sinne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais, freagrach as ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú i gcomhréir leis an gcód cuntasáíochta a d'eisigh an tAire faoi Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais a ullmhaíodh na ceanglais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíochtaí agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.
- 1.4 Nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinneamar an méid seo a leanas:
 - a lua gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Chuntasáíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasáíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach; agus,
 - -breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, faoi mar a leagtar amach ar leathanaigh 4 go dtí 23, ar aon dul leis na leabhair chuntasáíochta agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na riachtanais chuntasáíochta faoi mar a d'ordaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Príomhfheidhmeannach



9/4/2021

Ceann Airgeadais



Dáta: 9/4/2021

Tuairim an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí de Chomhairle Contae Fhine Gall

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais bhliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 mar atá leagtha amach ar leathanaigh 4 go dtí 23, ina gcuimsítear an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus Nótaí le, agus ar cuid de na Cuntais iad. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí sé á ullmhú agus an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta, mar atá forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Freagrachtaí na Comhairle agus Iniúchóra an Rialtais Áitiúil

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as gach taifead cuntasaíochta a choimeád, lena n-áirítear an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil a ullmhú. Is ormsa atá an fhreagracht, bunaithe ar an iniúchadh a dhéanaim, tuairim neamhspleách a thabhairt faoin ráiteas agus mo thuairim a chur faoi bhur mbráid.

Scóip an iniúchta ar an ráiteas airgeadais

Rinne mé iniúchadh de réir an Chóid Chleachtais Iniúchta, mar atá forordaithe faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Áirítear in iniúchadh scrúdú, at bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha do na méideanna agus nochtadh sa ráiteas airgeadais bhliantúil. Áirítear ann chomh maith measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh nuair a bhí an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Comhairle, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go cuí.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh chun an fhaisnéis agus na míniúcháin a mheas mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar, chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráiteas airgeadais bhliantúil saor ó aon mhíshonrú ábhartha, mar thoradh ar chalaíocht nó earráid.

Tuairim ar an ráiteas airgeadais

I mo thuairim, léirítear go cothrom sa ráiteas airgeadais bhliantúil, atá ullmhaithe de réir an Chóid Chleachtais agus na Rialacháin Cuntasaíochta a bhaineann leis na húdaráis áitiúla, staid airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall ag an 31 Nollaig 2020 agus ioncam agus caiteachas na Comhairle don bhliain dar chríoch sin.

Tuarascáil Iniúchta Reachtúil

Chomh maith leis sin, tá tuarascáil iniúchta gaolmhar ullmhaithe agam mar a fhoráiltear in Alt 120(1) (c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



Daragh Mc Mahon
Iniúcháir Údaráis Áitiúil

Dáta: 21/09/21

AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Chuntasaíochta (an CCC) maidir le cuntasaíocht údaráis áitiúil, arna leasú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an 31 Nollaig 2020. Caithfear neamhchomhlíonadh beartais chuntasaíochta faoi mar a leagtar amach san CCC a lua sna Beartais agus na Nótaí leis na Cuntais.

2. An Ráiteas ar Shreabhadh Cistí (Ráiteas ar Shreabhadh Cistí)

Tugadh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur leanadh treoir Ráiteas ar Shreafaí Airgid Chaighdeán Chuntasaíochta Idirnáisiúnta 7, tá gnó údarás áitiúil an-difriúil ó fhormhór na n-eagraíochtaí earnála príobháidí agus, ar an ábhar sin, rinneadh comhaontú ar roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar bríoch agus áisiúil laistigh den earnáil rialtais áitiúil. Ar an gcúis seo, tá tagairt á déanamh don ráiteas mar ‘Ráiteas ar Shreabhadh Cistí’. Áirítear anois leis na ráitis airgeadais Ráiteas ar Shreabhadh Cistí a thaispeántar i ndiaidh an Ráitis ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17-22 leis an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus taispeántar iad sna Nótaí maidir leis na Cuntais agus a chruthaíonn cuid de mhír Chuntas an RAB. Sonraítear i Nóta 19 iarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Inacmhainne/Deonacha, ar féidir le hiarmhéid dochair nó creidmheasa a bheith i gceist leo. Glacann an sreabhadh cistí leis gurb iarmhéideanna dochair iad seo agus bunaítear an cur síos ar (Méadú)/Laghdú air seo.

3. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus chaipitil ar bhonn fabhruithe agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais.

4. Táillí Úis

Is féidir iasachtaí iníoctha a roinnt isteach sa dá chatagóir seo a leanas:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáiste

4.1 Iasachtaí a bhaineann le Morgáiste

Tá sruth comhfhreagrach ioncaim ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó réamhíocaíochtaí fadtéarmacha (i.e. airgead a thug an t-údarás áitiúil ar iasacht le hiasachtaithe), chun tithe a cheannach. Ní dhéantar ach gné an úis a ghearradh nó a chur do shochar an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas).

4.2 Iasachtaí nach mbaineann le Morgáiste

Leagtar amach i Nóta 7 leis na cuntais na saghsanna iasachtaithe faoin teideal seo. Ní bheidh sruth comhfhreagrach cistithe ag iasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais agus cistiú ioncaim. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid den chistiú buan ar deireadh thiar. Beidh luach comhfhreagrach i Nóta 3 ag iasachtaí maidir leis na teidil eile. Cistítear costas aisíocaíochta iasachta na préimhe agus an úis trí phróiseas an bhuiséid bhliantúil. Ag deireadh na bliana airgeadais, aistrítear gné chistithe na préimhe agus déantar é a sheach-chur in aghaidh cúlchiste aisíocaíochta iasachta. Cuimsítear an t-aistriú seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais) faoin teideal ‘aistrithe chuig/ó chúlchistí’.

5. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí maidir le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Áirítear le costas tuarastal agus pá sna cuntais asbhaintí maidir le sochair ranníocaíochtaí pinsin (Baintreacha agus Dílleachtaí) faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”) le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann údaráis áitiúla le ranníocaíochtaí fostaí leis an Scéim Aonair a asbhaint ach aisíoctar go lárnach iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá breithniú á dhéanamh go fóill ar riachtanais na gcaighdeán cuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus a gcur i bhfeidhm ar chuntasaíocht údaráis áitiúil.

6. Seirbhísí Gníomhaireachta agus Eile

Déantar caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dtugtar fúthu thar ceann údaráis áitiúla a fhorchúiteamh ar a gcostas nó i gcomhréir le comhaontuithe ar leith.

7. Árachas

Tá an Chomhairle faoi árachas go substainteach i limistéir árachas dliteanais phoiblí agus fostóra. Oibrítear barrachas €254,000 agus €127,000, faoi seach, ar na beartais seo. Déantar soláthar leanúnach sa bhuiséad ioncaim do chostas na n-éileamh. Anuas air sin, tá an ciste árachais i bhfeidhm ar bhonn infheistíochta, seachas ar bhonn achtúireach. Táimid sásta go n-íocfaidh an ciste árachais as aon dliteanais reatha a d’fhéadfadh bheith dlite le híos.

8. Soláthar do Dhrochfhiachas agus d’Fhiachas Amhrasach

Rinneadh soláthar sna cuntais ábhartha do dhrochfhiachas agus d’fhiachas amhrasach. Tá soláthar déanta againn, chomh maith, d’aon iasachtaí nach gcumhdaítear sa Phróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste.

9. Sócmhainní Seasta

9.1 Rangú Sócmhainní

Rangaítear sócmhainní seasta isteach i gcatagóirí faoi mar a leagtar amach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (an Clár Comhardaithe). Leagtar amach i Nóta 1 leis na cuntais miondealú breise de réir saghas sócmhainne.

9.2 Aitheantas

Déantar an caiteachas go léir ar shócmhainní seasta a fháil nó a thógáil a chaipitliú ar bhonn fabhrúithe. Déanfar sócmhainní seasta a thóg forbróirí in ionad a ranníocaíochtaí forbartha nár cuireadh san áireamh inár sócmhainní seasta cheana féin a ghabháil sa phróiseas athluachála sócmhainní seasta.

9.3 Tomhas

Cuireadh Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina gcuimsítear sócmhainní uile an údaráis áitiúil san áireamh den chéad uair sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2003. Bhí na sócmhainní bunaithe ar luach sa 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh na sócmhainní go léir arna gceannach nó arna dtógáil amháil ón 1/1/2004 san áireamh ar chostas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais ag dáta amach anseo. Ní dhéantar Tithíocht Údaráis Áitiúil a luacháil ach ar mhaithe le cuspóirí an RAB agus níor cheart brath orthu ar aon chuspóir eile. Glacadh leis na spásanna oscailte go léir amháil an 31/12/03 ar luach náid. Rinneadh clóis súgartha a tógadh i gcúram ón 1/1/04 ar aghaidh a thógáil i gcúram ar chostas. Déantar spásanna uaigne a luacháil ar an nglanluach inréadaithe, arb é sin a bpraghas díolta.

9.4 Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Faoi mar a leagtar amach in athbhreithniú a rinneadh ar an gCód Cleachtas Chuntasaíochta, beartas atá ann chun sócmhainní seasta a thaispeáint ar chostas. Ní chuirtear costais chothabhála agus feabhais san áireamh a bhaineann le sócmhainní Bonneagair faoi láthair i sócmhainní seasta ach déanfar athbhreithniú orthu ag dáta amach anseo. Mar gheall ar a gcineál fisiciúil, baineann tromlach mór na sócmhainní le húdaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Déantar aon chaillteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile faoi réir diúscartha, a chur i gcuntas ag tráth na diúscartha.

9.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, déantar ioncam a chur do shochar i gcúlchiste ar leith agus cuirtear i bhfeidhm go ginearálta é nuair a bhíonn sócmhainní nua á gceannach. Tá fáiltas ó thithe údaráis áitiúil a dhíol le cur i bhfeidhm faoi mar a threoraíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

9.6 Dímheas

Faoin modh reatha cuntasaíochta, déantar an muirear ar dhímheas a sheach-chur ag amúchadh chistiú fhoinsé na sócmhainne. Imríonn an modh seo tionchar neodrach ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus, dá réir sin, fágtar an muirear ar dhímheas agus an creidmheas comhfhreagrach ó amúchadh as an áireamh ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

Seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní faoi réir dímheasa:

Saghas na Sócmhainne	Bunáiteanna	Ráta Dímheasa
Gléasra agus Innealra		
• Fadsaoil	Líne	10%
• Gearrshaoil	Dhíreach	20%
Trealamh	Líne Dhíreach	20%
Troscán	Líne Dhíreach	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Náid
Leabhair Leabharlainne		Náid
Clóis Súgartha	Líne Dhíreach	20%
Páirceanna	Líne Dhíreach	2%
Láithreáin Líonadh Talún		
Sócmhainní Uisce		
• Scéimeanna Uisce	Líne	Saol Sócmhainne 70
• Scéimeanna Draenála	Dhíreach	Bliain Saol

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh sí dímheas bliana iomláine i mbliain na fála.

*** Cuireadh luach láithreáin líonadh talún san áireamh i Nóta 1 faoi thalamh. Is ionann dímheas agus ídiú na sócmhainne líonadh talún.**

10. Deontais Rialtais

Cuirtear deontais an Rialtais i gcuntas ar bhonn fabhrúithe. Déantar deontais a fuarthas chun íoc as oibríochtaí laethúla a chur do shochar sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas). Taispeántar deontais a fuarthas, a bhaineann le sócmhainn a thógáil, mar chuid d'ioncam oibre ar bun. Ar chríochnú an tionscadail, aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitil.

11. Féichiúnaithe agus Ioncam a Fhorbairt

Cuirtear féichiúnaithe tobhach forbartha gearrthearmaí san áireamh i nóta 5. Déantar ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc go fóill laistigh den bhliain reatha a iarchur agus ní nochtar ar leithligh é sna ráitis airgeadais.

Taispeántar airgead tirim ranníocaíochta forbartha a bailíodh in 2020 atá le híocadh le hUisce Éireann ach nár íocadh in 2020 mar chreidiúnaí.

Ní chuirtear tobhaigh uile Alt 49 a fhaightear san áireamh ach mar éarlaisí in-aisíochta mar gheall nach bhfuil an Chomhairle ag gníomhú ach mar ghníomhaire don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (an GFA).

12. Fiachas a Fhuascailt

Cuirtear na fáltas ó iasachtaí a luathfhuascailt ag iasachtaithe i bhfeidhm nuair a bhíonn iasachtaithe a bhaineann le morgáiste á bhfuascailt ón GAT.

13. Scéimeanna Léasa

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Cuirtear sócmhainní a fuarthas faoi léas airgeadais san áireamh i sócmhainní seasta. Léirítear an tsuim atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha. Úsáidtear suim an mhodha digítí chun gach léas a ríomh.

14. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn meánchostais.

15. Obair ar Bun agus Réamhchaiteachas

Is é obair ar bun agus réamhchaiteachas costas carntha stairiúil tionscadail ghaolmhara éagsúla chaipitil. Léirítear an t-ioncam a fhabhraítear maidir leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (an Clár Comhardaithe) mar ‘Ioncam ó Obair ar Bun’.

16. Páirtithe Gaolmhara

Is éard is idirbheart páirtí ghaolmhair ná aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Áirítear leis na príomhpháirtithe gaolmhara d’údarás áitiúil an méid seo a leanas:

- i. An Bhainistíocht agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá comhaltaí Údaráis áitiúil agus an príomhphearsanra faoi cheangal faoi na hailt ábhartha den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus an reachtaíocht leasaithe ina dhiaidh sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A. Dearbhú bliantúil ‘leasanna is gá a fhógairt’ a sholáthar a leagtar amach in Alt 175 den Acht;
- B. Aon leasanna tairbhiúla a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179 atá acu nó ag duine bainteach; agus
- C. Cloí le cód iompair a d’eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 in 2004.

Cuimsítear in ‘leasanna is gá a fhógairt’ leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile, ar nós talún etc. Deimhníonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tuarastal agus luach saothair bhainistíocht agus phearsanra an Údarás Áitiúil ar aon dul le beartas an rialtais láir maidir le rátaí pá. Nochtar leasanna Údarás Áitiúil i gcuideachtaí agus comhfhiontair in Aguisín 8 leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Rialaítear idirbhearta Údaráis Áitiúil le ranna rialtais trí rialuithe rialtais láir agus nósanna imeachta agus aird ar rialacha cuntasáíochta an rialtais.

17. Leas i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Liostaítear sonraí faoi na cuideachtaí ina bhfuil leas ag an gComhairle in Aguisín 8.

CUNTAIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM AGUS CHAITEACHAIS) DON

BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

Tugtar le chéile sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas go léir a bhaineann le hioncam. Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Leithdháiltear aistriithe de réir rannán seirbhíse i Nóta 16 san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad an Údaráis Áitiúil a glacadh.

Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
		2020 €	2020 €	2020 €	2019 €
Tithíocht agus Tógáil		59,911,347	65,562,862	(5,651,515)	(5,432,183)
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht		26,793,608	8,117,621	18,675,987	18,896,906
Seirbhísí Uisce		15,579,868	17,203,842	(1,623,973)	(2,159,022)
Bainistíocht Forbartha		50,950,623	37,338,511	13,612,112	13,874,639
Seirbhísí Comhshaoil		40,768,857	7,733,164	33,035,694	33,091,047
Caitheamh Aimsire agus Conláiste		39,267,114	3,072,387	36,194,727	36,031,524
Talmhaíocht Oideachas, Sláinte agus Leas		895,997	264,065	631,933	531,849
Seirbhísí Ilghnéitheacha		89,305,628	92,828,907	(3,523,280)	(3,359,101)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	323,473,042	232,121,359		
Glanchostas an Rannáin a chistiú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				91,351,684	91,475,658
Rátaí				148,736,900	128,177,804
Cáin Mhaoine Áitiúil				7,528,476	7,524,670
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh				64,913,691	44,226,816
Aistriithe ó/(chuig) Cúlchistí	14			(64,913,368)	(44,225,894)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	16			323	923
Cúlchiste Ginearálta an 1 Eanáir				15,979,356	15,978,433
Cúlchiste Ginearálta an 31 Nollaig				15,979,679	15,979,356

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AN 31 NOLLAIG 2020

	Nótaí	2020	2019
	1	€	€
Sócmhainní Seasta			
Pobal		1,444,433,99	1,367,549,188
Bonneagair		0	1,144,378,186
Oibríochtúil		1,167,309,18	103,703,179
Neamhoibríocht		3	270,855,813
úil		104,005,92	
		0	
		273,175,58	
		2	
		2,988,924,675	2,886,486,366
Obair ar Bun agus Réamhchostais	2	57,610,142	94,371,432
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	322,830,882	268,689,633
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	444,501	496,056
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	71,442,311	95,003,088
Infheistíochtaí Bainc		277,000,000	210,000,000
Airgead sa Bhanc		27,811,839	3,052,451
Airgead faoi bhealach		390,323	349,971
		377,088,974	308,901,566
Dlíteanais Reatha			
Rótharraingt Bainc		-	-
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	114,546,758	91,115,247
Léasanna Airgeadais		839,753	803,581
		115,386,511	91,918,828
Glansócmhainní/(Glandlíteanais) Reatha		261,702,462	216,982,738
Creidiúnaithe (Suimeanna níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníochta	7	307,929,896	316,264,687
Léasanna Airgeadais		1,448,933	1,119,476
Éarlaisí In-Aisíochta	8	37,230,913	34,507,311
Eile		83,946,510	26,500,785
		430,556,252	378,392,259
Glansócmhainní/(Glandlíteanais)		3,200,511,910	3,088,137,909
Arna léiriú ag			
Caipitliú	9	2,988,924,675	2,886,486,366
Ioncam ó Obair ar Bun	2	52,264,543	81,171,850
Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta		15,979,679	15,979,356
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	143,343,013	104,500,338
Cúlchistí Iomlána		3,200,511,910	3,088,137,909

*Áirítear le hInfheistíochtaí Bainc suim €1.4 milliún maidir le Tobhaigh Alt 49 don Mheitreo Thuaidh agus Páirc Hans

RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ (RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ)

AN 31 NOLLAIG 2020

		2020	2020
		€	€
GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM	Nóta		
Glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17		47,044,167
 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL			
Torthaí ar Infheistíocht agus Airgeadas a Sheirbhísiú			
Méadú/(Laghdú) ar Chistiú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		102,438,310	
Méadú/(Laghdú) ar Obair ar Bun/Réamhchistiú		(28,907,307)	
Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	18	27,221,10	
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Airgeadas a Sheirbhísiú	5	<hr/>	100,752,108
 Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais			
(Méadú)/Laghdú ar Shócmhainní Seasta		(102,438,310)	
(Méadú)/Laghdú ar Obair ar Bun/Réamhchistiú		36,761,289	
(Méadú)/Laghdú ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	5,649,10	
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais	3	<hr/>	(60,027,918)
 Maoiniú			
Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta agus Léasa	20	(4,664,685)	
(Méadú)/Laghdú ar Mhaoiniú Cúlchiste	21	5,972,468	
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí		<hr/>	1,307,782
 Sealúchais Tríú Páirtí			
Méadú/(Laghdú) ar Éarlaisí In-Aisíochta			2,723,602
 Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim			<hr/> 91,799,740 <hr/>

1. Sócmhainní Seasta

	Talamh €	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra agus Innealra (Fadsaoil agus Gearrshaoil)	Ríomhairí, Troscaín agus Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Líonra Uisce agus Séarachais	Iomlán
Costais										
Costais Charntha an 1 Ean	296,808,714	27,770,899	1,117,030,706	308,504,397	13,515,565	1,084,549	1,099,130	1,054,029,209	202,059,449	3,021,902,617
Breisiúcháin - a Ceannaíodh	2,353,681	-	42,240,513	7,716,327	1,877,932	19,245	-	-	-	54,207,699
Breisiúcháin - a Aistríodh Obair ar Bun	-	-	31,566,862	-	-	-	-	26,972,186	-	58,539,049
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	(791,013)	-	(3,405,512)	(200,000)	(1,056,252)	-	-	-	-	(5,452,777)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe ar Chostais Stairiúla	-	-	200,000	-	-	-	-	-	-	200,000
Costais Charntha an 31/12/2020	298,371,383	27,770,899	1,187,632,570	316,020,724	14,337,244	1,103,794	1,099,130	1,081,001,395	202,059,449	3,129,396,588
Dímheas										
Dímheas Carntha an 1 Ean	-	14,842,326	-	121,695	7,341,818	747,809	-	-	112,362,605	135,416,252
Soláthar don bhliain	-	413,859	-	-	1,168,155	129,324	-	-	4,041,189	5,752,526
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	-	-	-	-	(696,866)	-	-	-	-	(696,866)
Dímheas Carntha an 31/12/2020	-	15,256,185	-	121,695	7,813,107	877,132	-	-	116,403,794	140,471,913
Glanluach Leabhar an 31/12/2020	298,371,383	12,514,714	1,187,632,570	315,899,030	6,524,138	226,661	1,099,130	1,081,001,395	85,655,655	2,988,924,675
Glanluach Leabhar an 31/12/2019	296,808,714	12,928,573	1,117,030,706	308,382,702	6,173,747	336,740	1,099,130	1,054,029,209	89,696,844	2,886,486,366
Glanluach Leabhar de réir Catagóire										
Oibríochtúil	40,967,092	-	1,187,632,570	209,083,529	6,524,138	226,661	-	-	-	1,444,433,990
Pobal	-	12,514,714	-	90,509,276	-	-	981,930	-	-	104,005,920
Neamhoibríochtúil	256,752,158	-	-	16,306,224	-	-	117,200	-	-	273,175,582
Bonneagrach	652,133	-	-	-	-	-	-	1,081,001,395	85,655,655	1,167,309,183
Glanluach Leabhar an 31/12/2020	298,371,383	12,514,714	1,187,632,570	315,899,030	6,524,138	226,661	1,099,130	1,081,001,395	85,655,655	2,988,924,675

2. Obair ar Bun agus Réamhchostais

Seo a leanas achoimre ar an obair atá ar bun agus ar an réamhchaiteachas de réir catagóir shócmhainne:

	Cistithe	Neamh-chistithe	Iomlán	Iomlán
	2020	2020	2020	2019
	€	€	€	€
<u>Caiteachas</u>				
Réamhchostais	33,179,023	15,408,163	48,587,186	59,876,854
Obair ar Bun	9,022,957	-	9,022,957	34,494,577
Caiteachas Iomlán	42,201,979	15,408,163	57,610,142	94,371,432
<u>Ioncam</u>				
Réamhchostais	34,005,213	9,250,763	43,255,976	52,246,062
Obair ar Bun	9,008,566	-	9,008,566	28,925,788
Ioncam Iomlán	43,013,780	9,250,763	52,264,543	81,171,850
<u>Glanuim a Caitheadh</u>				
Obair ar Bun	14,390	-	14,390	5,568,790
Réamhchostais	(826,191)	6,157,400	5,331,210	7,630,792
Glan-Róchaiteachas/Glan-	(811,800)	6,157,400	5,345,600	13,199,582

3. Féichiúnaithe Fadtéarmacha

Seo a leanas miondealú ar fhéichiúnaithe fadtéarmacha:

	2020	2020	2020	2020	2020	2020	2019
	Iarmhéid @ 01/01/2020	Iasachtaí Eisithe	Tráthchodanna	Fuascailtí Luatha	Coigeartuithe Eile	Iarmhéid @ 31/12/2020	Iarmhéid @ 31/12/2019
	€	€	€	€	€	€	€
Réamhíocaíochtaí Morgáiste Fadtéarmacha *	138,216,484	13,167,800	(7,546,903)	(2,084,798)	(337,145)	141,415,438	138,216,484
Réamhíocaíochtaí Ceannaigh ag Tionóntaí	90,996	-	(190,396)	(3,678)	255,276	152,198	90,996
Gnáthscair Chíos faoi Úinéireacht Roinnte	3,702,328	-	-	(330)	(543,214)	3,158,784	3,702,328
	142,009,808	13,167,800	(7,737,299)	(2,088,806)	(625,082)	144,726,421	142,009,808
Réamhíocaíochtaí Iasachta Inghorhúitithe						86,321,973	91,775,603
Saoráid Réamhléasaithe Caipitil						83,946,510	26,500,785
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Airgead Tirim						19,006,866	19,073,224
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Cuideachtaí Comhlacha						286,831	1,053,552
Eile						-	-
						334,288,601	280,412,972
Lúide: Sciar Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 5)						(11,457,719)	(11,723,339)
Suimeanna iomlána atá dlite i ndiaidh bliain amháin						322,830,882	268,689,633

* Áirítear leis iasachtaí ghníomhaireacht an GAT

4. Stoic

Seo a leanas achoimre ar stoc:

	2020	2019
	€	€
Stór Lárnach	95,590	19,411
Iostaí Eile	348,911	476,645
Iomlán	444,501	496,056

5. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí Trádála

Seo a leanas miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:

	2020	2019
	€	€
Féichiúnaithe Rialtais	17,171,445	29,291,916
Féichiúnaithe Tráchtála	15,067,344	11,773,219
Féichiúnaithe Neamhtráchtála	6,635,509	4,837,531
Féichiúnaithe Ranníocaíochta Forbartha	65,943,484	65,501,048
Seirbhísí Eile	238,499	303,565
Údaráis Áitiúla Eile	3,830,047	2,400,885
Na Coimisinéirí Ioncaim	-	-
Eile	-	-
Sciar Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 3)	11,457,719	11,723,339
Ollfhéichiúnaithe Iomlána	120,344,046	125,831,503
Lúide: Soláthar d'Fhiachais Amhrasacha	(52,683,912)	(49,599,280)
Féichiúnaithe Trádála Iomlána	67,660,134	76,232,223
Réamhíocaíochtaí	3,782,176	18,770,865
Iomlán	71,442,311	95,003,088

6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

Seo a leanas miondealú ar chreidiúnaithe agus fabhruithe:

	2020	2019
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	12,557,371	13,425,885
Deontais	125,993	171,235
Na Coimisinéirí Ioncaim	3,185,448	1,816,638
Údaráis Áitiúla Eile	11,781	54,420
Creidiúnaithe Eile	286,811	319,324
	16,167,403	15,787,502
Fabhruithe	24,841,406	27,527,066
Ioncam Iarchurtha	53,988,556	28,008,542
Móide: Sciar Reatha d'Iasachtaí atá Iníoctha (Nóta 7)	19,549,393	19,792,137
Iomlán	114,546,758	91,115,247

7. Iasachtaí Iníoctha

(a) Gluaiseacht ar Iasachtaí Iníoctha	2020 An GAT €	2020 OOP €	2020 Eile €	2020 Iomlán €	2019 Iomlán €
Iarmhéid Tosaigh	303,345,463	-	32,711,361	336,056,824	334,910,923
Iasachtaí	15,331,282	-	-	15,331,282	29,796,900
An Phrémh a Aisíoc	(14,402,783)	-	(5,107,688)	(19,510,472)	(24,272,999)
Fuascailtí Luatha	(4,398,345)	-	-	(4,398,345)	(4,363,823)
Coigeartuithe Eile	-	-	-	-	(14,178)
	299,875,617	-	27,603,673	327,479,289	336,056,824
Lúide: Sciar Reatha d'Iasachtaí atá Iníoctha				19,549,393	19,792,137
Suimeanna iomlána atá dlite i ndiaidh bliain amháin				307,929,896	316,264,687

(b) Iasachtaí a chur i bhFeidhm

Seo a leanas anailís ar iasachtaí iníoctha:

Morgáiste

Iasachtaí Morgáiste *	137,034,879	-	-	137,034,879	133,489,376
-----------------------	-------------	---	---	-------------	-------------

Neamh-Mhorgáiste

Sócmhainní/Deontais	35,478,372	-	10,032,725	45,511,096	51,915,816
---------------------	------------	---	------------	------------	------------

Cistiú Ioncaim	-	-	-	-	-
----------------	---	---	---	---	---

Maoiniú Idirlinne	54,306,136	-	-	54,306,136	54,306,136
-------------------	------------	---	---	------------	------------

Infhorchúitithe	68,751,025	-	17,570,948	86,321,973	91,775,603
-----------------	------------	---	------------	------------	------------

Gnáthscair Chósa faoi Úinéireacht Roinnte	4,305,205	-	-	4,305,205	4,569,894
---	-----------	---	---	-----------	-----------

Iarmhéid an 31 Nollaig	299,875,617	-	27,603,673	327,479,289	336,056,824
-------------------------------	--------------------	----------	-------------------	--------------------	--------------------

Lúide: Sciar Reatha d'Iasachtaí atá Iníoctha				19,549,393	19,792,137
--	--	--	--	------------	------------

Suimeanna Iomlána atá Dlíte i ndiaidh Bliain Amháin				307,929,896	316,264,687
--	--	--	--	--------------------	--------------------

* Áirítear leis iasachtaí ghníomhaireacht

8. Éarlaisí In-Aisíoctha

Seo a leanas an ghluaiseacht ar éarlaisí in-aisíoctha:

	2020 €	2019 €
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	34,507,311	41,884,045
Éarlaisí a fuarthas	6,470,201	2,614,329
Éarlaisí a aisíocadh	(3,746,599)	(9,991,063)
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig	37,230,913	34,507,311

Nóta: Cuirtear Éarlaisí In-Aisíoctha Gearrthéarmacha san áireamh mar chuid d'Infheistíochtaí Airgid Thirim ar an gClár Comhardaithe

9. Cuntas Caipitlithe

Léirítear sa chuntas caipitlithe cistiú na sócmhainní mar seo a leanas:

	2020	2020	2020	2020	2020	2020	2020	2019
	Iarmhéid @ 01/01/2020 €	Arna Cheannach €	Aistrithe Obair ar Bun €	Diúscairtí/ T/Fanna Reachtúla €	Athluacháil €	Coigeartuithe Costais Stairiúil €	Iarmhéid @ 31/12/2020 €	Iarmhéid @ 31/12/2019 €
Deontais	515,695,769	42,710,415	42,351,566	(709,390)	-	-	600,048,360	515,695,769
Iasachtaí	170,614,448	-	-	-	-	-	170,614,448	170,614,448
Ioncam Cistithe	13,966,104	477,707	-	-	-	-	14,443,811	13,966,104
Léasanna	9,902,574	1,506,892	-	(594,470)	-	-	10,814,996	9,902,574
Ranníocaíochtaí Forbartha	81,210,355	-	11,060,317	-	-	-	92,270,672	81,210,355
Blianachtaí Ceannaigh ag Tionóntaí	-	-	-	-	-	-	-	-
Neamhchistithe	128,521,514	7,132,561	2,918,171	-	-	-	138,572,247	128,521,514
Stairiúil	2,073,668,559	-	-	(377,520)	-	200,000	2,073,491,039	2,073,668,559
Eile	28,323,293	2,380,123	2,208,995	(3,771,396)	-	-	29,141,015	28,323,293
Ollchistiú Iomlán	3,021,902,617	54,207,699	58,539,049	(5,452,777)	-	200,000	3,129,396,588	3,021,902,617
Lúide: Amúchta							(140,471,913)	(135,416,252)
Iomlán *							2,988,924,675	2,886,486,366

* De réir nóta 1

10. Iarmhéideanna Eile

Tugtar miondealú seo a leanas ar iarmhéideanna eile:

		2020	2020	2020	2020	2020	2020	2019
	Nóta	Iarmhéid @ 01/01/2020 €	* Athrangú Caipitil €	Caiteachas €	Ioncam €	Glan-aistrithe €	Iarmhéid @ 31/12/2020 €	Iarmhéid @ 31/12/2019 €
Iarmhéideanna Rannfocáíochta Forbartha	(i)	153,415,160	-	14,129,317	38,205,155	(27,330,132)	150,160,866	153,415,160
Iarmhéideanna Cuntas Caipitil, Foirmiú agus Feabhsú Sócmhainne ina measc	(ii)	(76,446,370)	(6,919,081)	128,537,506	92,592,233	39,182,904	(80,127,821)	(76,446,370)
Iarmhéideanna Deonacha agus Tithíochta Inacmhainne								
- Tithíocht Dheonach	(iii)	(2,438,816)	-	6,847,576	9,109,696	(148,076)	(324,771)	(2,438,816)
- Tithíocht Inacmhainne	(iii)	(11,470,827)	-	-	-	7,216,509	(4,254,318)	(11,470,827)
Cúlchistí a Cruthaíodh do Chuspóirí ar Leith	(iv)	145,886,243	-	715,817	3,632,740	27,558,475	176,361,642	145,886,243
Glan-Iarmhéideanna Caipitil		208,945,390	(6,919,081)	150,230,216	143,539,824	46,479,680	241,815,598	208,945,390
Cuntais an Chláir Chomhardaithe a bhaineann le Préimh Iasachta nár íocadh as go fóill ina measc)	(v)						(98,759,416)	(105,498,604)
Leas i gCuideachtaí Gaolmhara	(vi)						286,831	1,053,552
Iarmhéideanna Eile Iomlána							143,343,013	104,500,338

